CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Preaseisiúint

Lucsamburg, 10 Eanáir 2022

Is beag tionchar a bhí ag tacaíocht AE an Aontais don smacht Reachta sna Balcáin Thiar ar athchóirithe bunúsacha

Ní dhearna gníomhaíocht AE mórán difir maidir le hathchóirithe ar an smacht reachta a chur chun cinn sna Balcáin Thiar, de réir Thuarascáil Speisialta arna foilsiú ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE). Rinneadh roinnt athchóirithe teicniúla agus oibriochtúla sa réigiún. I gcomhthéacs easpa tola polaitiúla agus easpa rannpháirtíochta áfach, níor leor tacaíocht AE den chuid is mó chun dul i ngleic le fadhbanna leanúnacha i réimsí amhail neamhspleáchas na mbreithiúna, comhchruinniú cumhachta, cur isteach polaitiúil agus éilliú, dar leis na hiniúchóirí.

Is iarrthóirí iad an Albáin, Polblacht na Macadóine Thuaidh, Montainéagró agus an tSeirbia, agus is iarrthóirí ionchasacha iad an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus an Chosaiv ar bhallraíocht AE. Mar sin féin, bíonn saincheisteanna le sárú fós ag na tíortha go léir maidir leis an smacht reactha agus cearta bunúsacha. Le breis is scór bliain anuas, tá AE ag iarraidh cúnamh a thabhairt dóibh d'fhonn a gclár oibre don athchóiriú a chur chun feidhme. Tá cúnamh AE bunaithe ar dhá ghníomhaíocht in dhá threo éagsúla atá fite fuaite ina chéile: tacaíocht airgeadais (arbh ionann í agus thart ar EUR 700 milliún idir 2014 agus 2020) agus idirphlé polaitiúil. Leis an tuarascáil ó CIE féachtar le cinneadh a dhéanamh an raibh an ghníomhaíocht in inmhe dá cúram.

Tá tosaíochtaí AE maidir leis an smacht reachta sna Balcáin Thiar soiléir agus déantar gníomhaíocht shonrach chucu de ghnáth faoin ionstraim le haghaidh réamhaontachais. Mar sin féin, is é conclúid na n-iniúchóirí nach bhfuil maolú leordhóthanach déanta ar na príomhrioscaí do thionchar inbhuanaithe ghníomhaíocht AE. Níl dóthain beart ann chun aghaidh a thabhairt ar chumas riaracháin agus toil pholaitiúil lag agus is minic nach mbíonn na bearta sin éifeachtach, cé go bhfuil siad bunriachtanach. Ina theannta sin, tugann na hiniúchóirí le fios go bhfuil neamhréir le feidhmiú na réamhchoinníollacha le haghaidh maoiniú tionscadal agus cur chun feidhme. Ar an gcaoi chéanna, is annamh a bhain AE leas as an bhféidearthacht cúnamh a chur ar fionraí má theipeann ar thairbhí cloí le bunphrionsabail an daonlathais, an smachta reachta agus na hurraime do chearta an duine. Ar deireadh, tugann na hiniúchóirí faoi deara nach leor an tacaíocht a thugann AE don tsochaí shibhialta chun riachtanais na hearnála a chomhlíonadh agus go bhfuil sí bunaithe ar thionscadail ghearrthéarmacha go príomha.

Is é is cuspóir don phreaseisiúint seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a thabhairt. Tá an tuarascáil ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg
E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

"*Is léir nár éirigh le Tacaíocht AE don smacht reachta sna Balcáin Thiar athrú mórdhíola a thabhairt i gcrích*", a dúirt Juhan Parts comhalta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa atá freagrach as an tuarascáil. "*Is bagairt é an dul chun cinn beag a rinneadh le 20 bliain anuas ar inbhuanaitheacht fhoriomlán na tacaíochta ó AE a chuirtear ar fáil faoin bpróiseas aontachais. Le hathchóirithe seasmhacha, caillfear creidiúint mura n-eiríonn leo torthaí nithiúla a bhaint amach.*"

Más cosúil gur chuir gníomhaíocht AE leis na hathchóirithe, is é sin toisc gur gnách go ndírítear sna tuarascálacha ar aschuir chainníochtúla, seachas go leor ar a bhfuil bainte amach ag na hathchóirithe i ndáiríre. Tugann na measúnuithe ar fheidhmíochtaí arna ndéanamh ag iniúchóirí AE íomhá an-éagsúil. Léirítear iontu go bhfuil dul chun cinn ar staid an smachta reachta sa réigiún teoranta go ginearálta, agus go bhfuil sé deacair inbhuaineacht a bhaint amach. In aineoinn na mblianta fada de thacaíocht pholaitiúil agus de chúnamh airgeadais ón Aontas, tá fadhbanna bunúsacha fós ann i roinnt mhaith tíortha sna Balcáin Thiar. Orthu sin, áirítear fadhbanna le neamhspleáchas na mbreithiúna, an comhrac i gcoinne na héillitheachta (atá forleatach fós), agus saoirse cainte.

Molann na hiniúchóirí gur cheart don Choimisiún Eorpach an sásra a neartú maidir le hathchóirithe smachta reachta a chur chun cinn, tacaíocht d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus foinsí na meán neamhspleach a mhéadú. Ba cheart dóibh cistiú a nascadh ar bhealach níos dlúithe leis an dul chun cinn maidir leis an smacht reachta agus feabhas a chur ar thuairisciú agus ar fhaireachán tionscadal.

Faisnéis chúlra

Ní dochar an t-ainmniú "An Cosaiv" do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

Tuarascáil speisialta 1/2022 "Tacaíocht AE don smacht reachta sna Balcáin Thiar: tá fadhbanna bunúsacha fós ann in ainneoin iarrachtaí atá déanta" ar fáil ar shuíomh Gréasáin (eca.europa.eu).

I mí Mheán Fómhair na bliana seo caite, d'fhoilsigh CIE tuarascáil maidir le ghníomaíocht an Aontais móréillitheacht a chomhrac san Úcráin.

Cuireann Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a tuarascálacha speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus Chomhairle an Aontais agus faoi bhráid páirtithe leasmhara eile amhail parlaimintí náisiúnta, geallsealbhóirí tionscail agus ionadaithe ón tsochaí shibhialta. Cuirtear tromlach mór na moltaí a dhéantar sna tuarascálacha i bhfeidhm.

Teagmháil phreasa

Preasoifig Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: press@eca.europa.eu
- Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu - M: (+352) 691 551 502
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu - M: (+352) 691 553 547